2020J083A1IS

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí
## Páipéar Samplach

# Gaeilge T1

## Ardleibhéal

## Am: 2 uair an chloig

270 marc

| Scrúduimhir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

| Don Scrúdaitheoir | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn | Ceist | Scrúd. | S.C. |
| A | 1 | | |
| | 2 | | |
| | 3 | | |
| B | 4 | | |
| | 5 | | |
| | 6 | | |
| | 7 | | |
| | 8 | | |
| | 9 | | |
| | 10 | | |
| **Iomlán** | | | |
| Tasc Measúnaithe | | | |
| **MÓRIOMLÁN** | | | |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 30 marc | Éisteacht | 3 cheist |
| Roinn B | 240 marc | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 7 gceist |

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna do gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh sa leabhrán seo. Ní gá go mbainfeá úsáid as an spás ar fad atá ar fáil. Tá spás sa bhreis ar chúl an fhreagarleabhair. Lipéadaigh gach obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus le cuid na ceiste.

| Roinn A | Cluastuiscint | 30 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(10 marc)**

Sa cheist seo cloisfidh tú mír ón gclár *Fógraí an Lae* a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cloisfidh tú an mhír **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cad é an costas ar bheirt leanaí in aghaidh na bliana sa Chlub Óige?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

€28.50 ☐
€40.00 ☐
€50.00 ☐

**(b)** Cén teanga a bheidh in úsáid sa Chlub Óige?

**(c)** Cá háit a mbeidh an Phreab-Ghaeltacht ar siúl?

**(d)** Cén t-am a thosóidh an Phreab-Ghaeltacht?

**Ceist 2** **(10 marc)**

Sa cheist seo cloisfidh tú mír ón gclár *Barrscéalta* a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cloisfidh tú an mhír **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Scríobh síos ainm an chomórtais a bhí ar siúl sna Dúnaibh.

| |
|---|
| |

**(b)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoin aimsir sna Dúnaibh le linn an chomórtais.

| |
|---|
| Pointe 1: |
| Pointe 2: |

**(c)** Cén tuairim atá ag an láithreoir i leith na háite?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Is cuma léi faoin áit. ☐
- Cáineann sí an áit. ☐
- Molann sí an áit. ☐

**(d)** Cén chanúint atá le cloisteáil sa phíosa seo?
Cuir **tic (✓)** leis an bhfreagra ceart.

- Canúint na Mumhan ☐
- Canúint Chonnacht ☐
- Canúint Uladh ☐

**Ceist 3** **(10 marc)**

Sa cheist seo cloisfidh tú mír ón gclár *Nuacht a hAon* a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cloisfidh tú an mhír **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Céard faoi a mbeidh an cruinniú poiblí sa Spidéal?

| |
|---|
| |

**(b)** Cén deis a bheidh ag an bpobal ag an gcruinniú poiblí?

| |
|---|
| |

**(c)** Cé mhéad den chostas a chlúdóidh deontas *Leader*?

| |
|---|
| |

**(d)** Cén cúnamh a thabharfaidh an grúpa tuismitheoirí?

| |
|---|
| |

| Roinn B | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 240 marc |
|---|---|---|

**Ceist 4** **(55 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

# An Taibhdhearc – Amharclann Náisiúnta na Gaeilge




**1.** Is iomaí forbairt a tharla sa Taibhdhearc ó bunaíodh í sa bhliain 1928 i nGaillimh. Tá sí fós ag tógáil ar a bunchloch agus ar aidhm a bunaitheoirí, go mbeadh An Taibhdhearc mar theallach ag drámaíocht na Gaeilge agus go spreagfadh sí nuadhrámaíocht na Gaeilge. Tosaíonn scéal na Taibhdheirce sa bhliain 1927, tráth a raibh scéal i mbéal an phobail go raibh giúmar báúil, croíúil agus flaithiúil amach is amach ar an Aire Airgeadais, Earnán de Blaghad, i leith na drámaíochta. Bhí saoirse nuabhainte sa tír ag an am. Bhí sodar faoi athbheochan na Gaeilge.

**2.** Bhí dhá dheacracht mhóra ag an Taibhdhearc i dtosach, ganntanas aisteoirí agus ganntanas drámaí dúchasacha. Fuarthas leigheas ar an dá fhadhb seo, sa ghearrthéarma ar aon nós, nuair a tháinig Compántas Shakespeare Anew McMaster go Gaillimh lena léiriú de *The Taming of the Shrew*. Ba é an tOllamh Ó Briain a bhí i gceannas ar an Taibhdhearc agus tarraingíodh a aird ar bhuanna duine de na haisteoirí sa dráma. Más fíor dá n-insítear, chas an tOllamh Ó Briain chuig Pádraic Ó Conaire, a bhí ina shuí in aice leis, agus d'fhiafraigh sé de, 'Cé hé siúd?' 'Mícheál Mac Liammóir,' a d'fhreagair Pádraic: 'Tá greadadh Gaeilge aige.' Chuaigh siad chun cainte leis agus fostaíodh é mar Stiúrthóir Ealaíne. Chuir Mícheál Mac Liammóir tús spleodrach le saol na Taibhdheirce. Thug sé draíocht agus dúthracht leis chuig an amharclann. Mar dhuine de mhórphearsana an téatair in Éirinn, bhain sé clú agus cáil leitheadach dó féin mar shár-aisteoir.

**3.** Fágadh faoi Mhac Liammóir feoil a chur ar chreatlach na físe d'Amharclann Náisiúnta na Gaeilge. Cinneadh dráma nua a stáitsiú leis an Taibhdhearc a sheoladh agus roghnaíodh *Diarmuid agus Gráinne*. Bhí Mícheál Mac Liammóir féin foirfe mar Dhiarmuid. Bhí neart réaltaí eile ar stáitse le Mac Liammóir an oíche sin, an 27 Lúnasa 1928, nuair a osclaíodh an dráma. Ina measc bhí an file Máirtín Ó Direáin a ghlac ról beag ann, chomh maith leis an bhfonnadóir cáiliúil Máire Ní Scolaí**,** a rinne an pháirt 'Gráinne' agus a bhain cáil idirnáisiúnta amach ina dhiaidh sin lena cuid amhránaíochta.

**4.** Má bhí na haisteoirí a sheas ar stáitse na Taibhdheirce go maith an chéad oíche sin i Lúnasa 1928, bhí an-mhianach freisin sna haisteoirí a tháinig ina ndiaidh. Faoin am go raibh 25 bliain bainte amach ag an amharclann bhí glúin nua aisteoirí tagtha chun cinn le páirt a ghlacadh i léiriú ceiliúrtha *Diarmuid agus Gráinne*. Bhí Siobhán Nic Cionnaith ar dhuine de na haisteoirí ba mhó le rá i stair na Taibhdheirce agus chuaigh sí ar aghaidh ón aisteoireacht amaitéarach le bheith ina haisteoir gairmiúil ar stáitse agus ar scáileán.

**5.** Mar a bhí ón tús, is le cos amháin sa traidisiún agus aghaidh ar an todhchaí a fhorbraíonn Taibhdhearc na Gaillimhe. Ag leanúint leis an bhfís a bhí ag lucht a bunaithe, go mbeadh An Taibhdhearc mar láthair d'ócáidí agus do dhrámaí Gaelacha go ginearálta, táthar ag cur i gcónaí leis an réimse siamsaíochta a bhíonn ar fáil sa Taibhdhearc idir dhamhsaí, cheoldrámaí, oícheanta ceoil agus réimse leathan drámaíochta. Is iomaí oíche shuáilceach, aislingeach a caitheadh sa Taibhdhearc ón mbliain 1928 agus leanfar leis an traidisiún sin amach anseo.

**(a)** Cén dearcadh a bhí ag an Aire Airgeadais i leith na drámaíochta i 1927? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Bhí sé neodrach. ☐
Bhí sé diúltach. ☐
Bhí sé dearfach. ☐

**(b)** Cén abairt is fearr a mhíníonn cur chuige Mhíchíl Mhic Liammóir sa Taibhdhearc? (Alt 2)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Bhí sé díograiseach, anamúil agus meanmnach. ☐
Bhí sé measartha, cuibheasach agus maith go leor. ☐
Bhí sé drogallach, leisciúil agus diúltach. ☐

**(c)** An aontaíonn tú gur éirigh leis an bhfís a bhí ag lucht bunaithe na Taibhdheirce? (Alt 3, Alt 4 agus Alt 5). Tabhair samplaí i **d'fhocail féin** mar thacaíocht i do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(d)** 'Mar a bhí ón tús, is le cos amháin sa traidisiún agus aghaidh ar an todhchaí a fhorbraíonn Taibhdhearc na Gaillimhe.'
I **d'fhocail féin** tabhair sampla **amháin** den traidisiún sin agus sampla **amháin** den bhealach atá an Taibhdhearc ag tabhairt aghaidh ar an todhchaí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Cén fáth, dar leat, ar scríobh an t-údar an sliocht thall faoin Taibhdhearc?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(30 marc)**

Ainmnigh dráma a ndearna tú féin staidéar air le linn do chúrsa ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T1***. Scríobh ríomhphost chuig bainisteoir na Taibhdheirce ag míniú na bhfáthanna a mbeadh an dráma sin iontach ar stáitse. Tabhair samplaí ón dráma mar thacaíocht leis na fáthanna a luann tú. Scríobh teideal an dráma agus ainm an údair go soiléir.

| |
|---|
| Teideal an dráma: |
| Údar an dráma: |

| Ransú Smaointe |
|---|
| |

| | |
|---|---|
| Chuig: | bainisteoir@taibhdhearc.ie |
| Ó: | scolaire@gmail.ie |
| Ábhar: | Dráma iontach don stáitse |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Ceist 6** **(50 marc)**

Léigh gach cuid den cheist seo atá ar leathanach 10, 11 agus 12, sula dtosaíonn tú ag freagairt.

Ainmnigh úrscéal ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T1*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa. Scríobh teideal an úrscéil agus ainm an údair go soiléir.

| |
|---|
| **(a)** Teideal an úrscéil: |
| **(b)** Ainm an údair: |

| Ransú Smaointe |
|---|
| |

**(c)** Tá tú ag cur agallaimh ar charachtar **amháin** as an úrscéal atá ainmnithe agat i gcomhair clár raidió. Scríobh **cúig cheist** a chuirfeá ar an gcarachtar sin maidir lenar tharla dó/di san úrscéal **agus** na **cúig fhreagra** is dóigh leat a thabharfadh sé/sí.

Bíodh focal **amháin** ar a laghad ón liosta thíos i ngach aon cheist agus mioneolas as an úrscéal i ngach aon fhreagra:

*bua, gaol, mothú, trua, meas, ceangal, carachtar eile, locht, ról.*

| |
|---|
| Ainm an charachtair: |
| Ceist 1: |
| Freagra: |
| |
| |
| |
| |
| Ceist 2: |
| Freagra: |
| |
| |
| |
| |

| |
|---|
| Ceist 3: |
| Freagra: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Ceist 4: |
| Freagra: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Ceist 5: |
| Freagra: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Ainmnigh úrscéal **eile** ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T1*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa. *Ní féidir leat an t-úrscéal atá ainmnithe agat i gcuid **(a)** roimhe seo a úsáid anseo.* Scríobh teideal an úrscéil agus ainm an údair go soiléir.

| |
|---|
| Teideal an úrscéil: |
| Ainm an údair: |

**(e)** Maidir leis an úrscéal atá ainmnithe agat thuas i gcuid (d), an gceapann tú go bhfuil **nó** nach bhfuil an suíomh ina bhfuil sé suite oiriúnach don scéal? Tabhair sampla **amháin** ón úrscéal mar thacaíocht leis an bhfáth a luann tú.

**(f)** Maidir leis an **dá** úrscéal atá ainmnithe agat, cad iad na cosúlachtaí is mó **nó** na difríochtaí is mó atá eatarthu? Tabhair samplaí mar thacaíocht le do fhreagra.

**Ceist 7** **(20 marc)**

Léigh an t-alt thíos. Tá cló trom ar chuid de na focail san alt agus tá eagarthóireacht le déanamh orthu. Déan an eagarthóireacht sin (litriú, poncaíocht nó aon athrú eile) agus scríobh isteach sa ghreille thíos na leaganacha cearta de na focail sin. Tá uimhir a haon déanta mar shampla duit.

## Pádraig Harrington – Captaen na hEorpa



Ransú Smaointe

Is é Pádraig Harrington atá roghnaithe mar chaptaen ar fhoireann na **Eoraip**(1) do Chorn *Ryder* na **bliain**(2) seo chugainn. **Fógair**(3) ag preasócáid inné gurb é an fear as Baile Átha Cliath a bhfuil trí **mórchomórtas**(4) buaite aige a **bí**(5) i gceannas ar an **foireann**(6). **Tabhair**(7) siad aghaidh ar **mheiriceá**(8) ar chúrsa *Whistling Straits,* mí Mheán Fómhair 2020. Leanfaidh Harrington air ag **imir**(9) agus é ag ullmhú do chomórtas *Ryder*. Ní **feic**(10) ar an gcúrsa arís é go dtí an mhí seo chugainn mar gur **gortaigh**(11) sé a rosta le déanaí.

| | |
|---|---|
| 1: **hEorpa** | 7: |
| 2: | 8: |
| 3: | 9: |
| 4: | 10: |
| 5: | 11: |
| 6: | |

**Ceist 8** **(45 marc)**

Scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin seo a leanas:

*Tá togha saoil ag daoine óga an lae inniu i gcomparáid le daoine óga fadó.*



(Daoine óga fadó)



(Daoine óga an lae inniu)

Ransú Smaointe

**Ceist 9** **(30 marc)**

Ainmnigh dán/amhrán ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T1*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa agus a bheadh oiriúnach le léamh nó le canadh ag ócáid shona. Scríobh teideal an dáin/amhráin agus ainm an fhile/an chumadóra, go soiléir.

| |
|---|
| Teideal an dáin/ an amhráin: |
| Ainm an fhile/an chumadóra: |

| Ransú Smaointe |
|---|
| |

**(a)** Ainmnigh an ócáid shona **agus** mínigh na fáthanna a bhfuil an dán/an t-amhrán atá ainmnithe agat oiriúnach don ócáid shona sin.

| |
|---|
| An ócáid shona: |
| Fáthanna: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** An dóigh leat gur roghnaigh an file/an cumadóir teideal maith don dán/don amhrán atá ainmnithe agat? Cuir fáth **amháin** le do fhreagra.

**Ceist 10** **(10 marc)**

I ngach ceann de na habairtí thíos tá trí fhocal i gcló trom. Tá ceann **amháin** de na focail sin ceart. Cuir ciorcal timpeall an fhocail **amháin** sin, is dóigh leat atá ceart. Tá **(a)** déanta mar shampla duit.

# Aerfort Dhún na nGall



**(a)** Is é Aerfort Dhún na nGall ar an gCarraig Fhinn i nGaeltacht Thír Chonaill, "an t-aerfort is **deas / dheas / deise** tírdhreach" ar domhan dar le suirbhé a rinneadh le déanaí.

**(b)** Pobalbhreith **oscail / ar oscail / oscailte** a bhí ann agus chaith na céadta duine timpeall na cruinne a vótaí ann.

**(c)** Sa dara **háite / háit / áit** bhí an t-aerfort oileánda i mBarra in Albain.

**(d)** Táthar ag súil go músclóidh an stádas spéis **mhór / mór / móra** san Iarthuaisceart.

**(e)** Luaitear **an / na / a** liosta aerfort go rialta ar irisí móra turasóireachta.

**(f)** Tá áilleacht as an ngnáth le fáil i nDún na nGall **agus / b'fhéidir / nó** is maith atá an gradam seo tuillte aige.

**(g)** Is cuma **cé / cén / céard** acu Millennium Falcon nó eitleán tráchtála atá do do thabhairt isteach go dtí an Charraig Fhinn, is eispéireas ó dhomhan eile é tuirlingt ann.

**(h)** Dúirt stiúrthóir bainistíochta an **aerfort / t-aerfort / aerfoirt** go bhfuil lúcháir orthu faoin ngradam.

**(i)** **Tá / Is / Bíonn** léiriú é ar an gcion atá ag lucht taistil agus saineolaithe taistil ar Dhún na nGall.

**(j)** Roghnaíodh Dún na nGall **ar / is / na** an áit is galánta ar domhan in 2017.

**(k)** Téann eitiltí ó Bhaile Átha Cliath agus ó Ghlaschú go hAerfort **an / na / ar** Carraige Finne i nDún na nGall go rialta.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

.

**Admhálacha**

**Íomhánna**
Íomhá ar leathanach 6: www.antaibhdhearc.ie
Íomhá ar leathanach 13: www.usatoday.com
Íomhá ar leathanach 14: www.irshindependent.ie, www.schoolspecialty.com
Íomhá ar leathanach 18: www.nos.ie

**Téacsanna:**
Téacs éisteachta do leathanach 3, 4 & 5: www.rte.ie/rnag/podcasts
Téacs ar leathanach 6: www.antaibhdhearc.ie
Téacs ar leathanach 13: www.tuairisc.ie
Téacs ar leathanach 18: www.nos.ie

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus a athcóiríodh lena gcur in oiriúint don chóras measúnachta gan é a chur i gcead na n-údar roimh ré. Ullmhaíodh an páipéar de réir Alt 35(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000. Ní údaraítear aon úsáid a bhaint as seachas an úsáid lenar ceapadh é. Ní ghlacann an Coimisiún aon fhreagracht as aon sárú ar chearta tríú páirtí a leanann as dáileadh nó as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí - Ardleibhéal

# Gaeilge T1

Páipéar Samplach
Am: 2 uair an chloig